Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0238 (COD)**

**9723/18**
**ADD 2 REV 1**

**CODEC 959**
**PECHE 205**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Laitvia, an Spáinn**

Measann an Bheilg, an Fhrainc, an Laitvia, agus an Spáinn, gur uirlis nua é an sásra atá beartaithe chun raonta FMSY a nuashonrú, lena bhféadfadh fíorfheabhas a bheith ann i dtaca le bainistiú agus solúbthacht an phlean ilbhliantúil. Mar sin féin, cuireadh roinnt ábhar imní faoin uirlis nua seo in iúl, maidir le sainphribhléid institiúideach gach institiúide a urramú. Chuige sin, tá iarrtha ag an mBeilg, an Danmhairg, an Fhrainc agus an Laitvia go ndéanfar meastóireacht eatramhach gach chéad ráithe den bhliain lena mheas an bhfuil na spriocanna sin á mbaint amach leis an uirlis sin nó an gá teacht ar réitigh idirmheánacha.

**Ráiteas ón Danmhairg**

Is díol sásaimh don Danmhairg an togra comhréitigh deiridh maidir le plean ilbhliantúil do na stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh a bhfuil leasanna suntasacha ag an Danmhairg iontu.

Is cúis áthais dúinn na feabhsuithe móra a cuireadh ar an togra le linn na caibidlíochta: An toradh atá ar na feabhsuithe sin ná togra comhréitigh deiridh lena ndírítear ar na speicis ábhartha. Táthar tar éis teacht ar réiteach chun go gcuirfear an chomhairle eolaíoch is déanaí i dtaca le raonta agus pointí tagartha F-MSY san áireamh. Ní áirítear leis an gcomhréiteach bearta breise rialaithe agus áirítear leis tagairt do bhainistiú stoc ar leas coiteann iad.

Le linn na caibidlíochta uile faoin togra seo, leag an Danmhairg béim ar an ngá le tagairt nithiúil a dhéanamh d'ábhair imní shocheacnamaíocha. Cé gurbh fhearr linn tagairt den sórt sin a bheith sna hairteagail, is mór againn an tagairt sin sna haithrisí.

Tá saincheist amháin, áfach, atá fós fiorthábhachtach don Danmhairg:

Tá sé ríthábhachtach foráil a dhéanamh don tsolúbthacht is gá sa rialachán agus gabhálacha iomlán incheadaithe á leagan síos, go háirithe ionas gur féidir ardú i stoc a chur san áireamh maille le hiascach an stoic sin i gcás stoic éisc ar bheagán sonraí. Ar an gcaoi sin, leanfaí den tsolúbthacht ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú fúithi sa phlean reatha fadtéarma do stoic trosc sa Mhuir Thuaidh, Skagerak agus Kattegat i measc uiscí eile, (AE) 1342/2008, ar cuireadh i bhfeidhm é do na cúinsí sonracha a bhaineann le trosc in Kattegat. Tá molta ag an Danmhairg go gcuirfí foráil isteach sa phlean ilbhliantúil nua don Mhuir Thuaidh a bheadh i gcomhréir leis an bplean reatha fadtéarmach do stoic trosc.

Ó tharla nach bhfuil tagairt shonrach sa togra comhréitigh atá i gcomhréir leis an tsolúbthacht sa phlean trosc, ní féidir leis an Danmhairg tacú leis an gcomhréiteach deiridh atá le glacadh ag an gComhairle.